



Na Gnéithe Cailíochta: Punann Chumadóireachta

...Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Ich. 16

Tuairisceoir	MRB1: Na Gnéithe Cailíochta
<p>Úsáidtear Thar barr ar fad le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cailíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm</p>	<p>Thar barr ar fad</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá na coincheapa séise, rithimeacha nó armónacha thar a bheith forbartha ar bhealach atá an-oilte agus sofaisticiúil, agus tá na saothair chumadóireachta an-úrnua agus samhláoch dá bharr Tá fianaise an-láidir ar thuiscint ar oiriúnacht na n-uirílisí / na n-éifeachtaí / an mheáin / an tseánra a roghnaíodh Ceapadh na píosaí ceoil agus cuspóir an-soiléir acu, agus cuireadh i gcrích go hiomlán iad dá bhfaigheoir / lucht éisteachta beartaithe
<p>Úsáidtear Os cionn na n-ionchas le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cailíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadhbh an mhúinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar ná tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán</p>	<p>Os cionn na n-ionchas</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá na coincheapa séise, rithimeacha nó armónacha an-fhorbartha ar bhealach atá oilte agus sofaisticiúil, agus tá na saothair chumadóireachta úrnua agus samhláoch dá bharr Tá fianaise láidir ar thuiscint ar oiriúnacht na n-uirílisí / na n-éifeachtaí / an mheáin / an tseánra a roghnaíodh Ceapadh na píosaí ceoil agus cuspóir beartaithe acu, agus cuireadh i gcrích go han-mhaith iad dá bhfaigheoir / lucht éisteachta beartaithe
<p>Úsáidtear Ag teacht leis na hionchais le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cailíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe ná gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniuil agus chruinn den chuid is mó</p>	<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá na coincheapa séise, rithimeacha nó armónacha forbartha go maith, agus tá fianaise ar roinnt úrnuachta agus samhláochta sna saothair chumadóireachta dá bharr Tá tuiscint leordhóthanach ar oiriúnacht na n-uirílisí / na n-éifeachtaí / an mheáin / an tseánra a roghnaíodh Ceapadh na píosaí ceoil agus cuspóir acu, agus cuireadh i gcrích go maith iad dá bhfaigheoir / lucht éisteachta beartaithe
<p>Úsáidtear Níor chomhlíon na hionchais go fóill le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cailíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre ná tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart</p>	<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <ul style="list-style-type: none"> Níl na coincheapa séise, rithimeacha ná armónacha sách forbartha, agus tá easpa úrnuachta agus samhláochta sna saothair chumadóireachta dá bharr Tá easpa fianaise ar thuiscint ar oiriúnacht na n-uirílisí / na n-éifeachtaí / an mheáin / an tseánra a roghnaíodh agus neamhleanúnachas eatarthu Níl cuspóir ag na píosaí ceoil, agus is beag comaoin ná feasacht a léirítear ar an bhfaigheoir / lucht éisteachta beartaithe



Join our mailing list
on www.jct.ie



Contact us at
info@jct.ie



Follow us on
[@JctMusicEdu](https://twitter.com/JctMusicEdu)